**Leasú 3**
**Virginie Joron, Marco Campomenosi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0335/2023**
**Beata Mazurek**
Cur chun feidhme Rialachán Geobhlocála 2018 sa Mhargadh Aonair Digiteach
(2023/2019(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris H a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Ha. de bhrí go bhfuil an gheobhlocáil a choinneáil do shaothair faoi chóipcheart agus d'ábhar cosanta ar cheann de na príomhuirlisí chun eisceacht chultúrtha agus éagsúlacht chultúrtha a ráthú;*** |

Or. en

**Leasú 4**
**Virginie Joron, Marco Campomenosi**
thar ceann an Ghrúpa ID

**Tuarascáil** **A9-0335/2023**
**Beata Mazurek**
Cur chun feidhme Rialachán Geobhlocála 2018 sa Mhargadh Aonair Digiteach (2023/2019(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 23**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 23. ***ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochtaí chun ionchais na dtomhaltóirí a chomhlíonadh maidir le hinfhaighteacht traschatalógach imeachtaí spóirt, agus rochtain trasteorann orthu, trí sheirbhísí sruthaithe, amhail tionscnaimh tionscail agus comhpháirtíochtaí atá faoi stiúir an mhargaidh chun ábhar a dháileadh tuilleadh ar fud an Aontais agus rochtain agus infhaighteacht a mhéadú; á iarraidh***, dá bhrí sin, ***ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go ndéanfaí measúnú cúramach ar na roghanna uile lena laghdófar na bacainní geobhlocála gan údar agus idirdhealaitheach maidir le rochtain ar*** sheirbhísí closamhairc agus ***ar imeachtaí spóirt, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar shamhlacha gnó atá ann faoi láthair agus ar an maoiniú atá ar fáil d'earnáil na cruthaitheachta á chur san áireamh***; ***á chur i bhfios go bhfuil infheistíochtaí an-mhór ag baint le maoiniú saothar closamhairc agus cineamatagrafaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún go ndéanfaí toradh a idirphlé le geallsealbhóirí a chur faoi bhráid na Parlaiminte i ndáil le*** raon feidhme an Rialacháin maidir le Geobhlocáil ***a leathnú chuig ábhar closamhairc b'fhéidir, lena n-áirítear céimeanna nithiúla agus spriocanna sonracha chun rochtain ar*** | 23. ***Á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cóipcheart agus leithdháileadh críochach agus eisiach na gceart ceadúnúcháin agus saoirse chonarthach chun earnáil na scannán agus an chlosamhairc a mhaoiniú; á mheabhrú go bhfuil réimse leathan geallsealbhóirí san earnáil scannán agus closamhairc lena n-áirítear go leor fiontar beag agus meánmhéide, ceardaithe, ealaíontóirí, cuideachtaí léiriúcháin, cuideachtaí dáilte scannán agus pictiúrlanna neamhspleácha; á mheas go bhfuil na hearnálacha sin bunriachtanach chun eisceacht chultúrtha agus éagsúlacht ealaíonta an Aontais a chaomhnú, chomh maith le hiolrachas na meán; á chur i bhfáth,*** dá bhrí sin, ***a thábhachtaí atá sé*** seirbhísí closamhairc ***a eisiamh ó*** raon feidhme an Rialacháin maidir le Geobhlocáil; |

***ábhar closamhairc agus infhaighteacht an ábhair sin thar theorainneacha a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin saibhreas agus éagsúlacht an chultúir san Eoraip a léiriú***;

Or. en